Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0424(COD)

5.7.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle
(COM(2022)0729 – C9-0428/2022 – 2022/0424(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Jan-Christoph Oetjen

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 38

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle
(COM(2022)0729 – C9-0428/2022 – 2022/0424(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0729),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 77(2), pointí (b) agus (e) agus 79(2), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0428/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Trí úsáid a bhaint as sonraí ***taistealaithe*** agus as faisnéis eitilte arna n-aistriú roimh theacht na ***dtaistealaithe***, rud ar a dtugtar réamhaisnéis phaisinéirí ('API'), cuidítear le dlús a chur leis an bpróiseas chun na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh le linn an phróisis trasnaithe teorann. Chun críocha an Rialacháin seo, baineann an próiseas sin, go sonrach, le teorainneacha a thrasnú idir tríú tír nó Ballstát nach bhfuil rannpháirteach sa Rialachán seo, ar lámh amháin, agus Ballstát atá rannpháirteach sa Rialachán seo, ar an lámh eile. Neartaítear le húsáid den sórt sin seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha sin trí am leordhóthanach a sholáthar chun go bhféadfar seiceálacha mionsonraithe cuimsitheacha a dhéanamh ar gach ***taistealaí***, gan tionchar diúltach díréireach a bheith aige ar dhaoine atá ag taisteal de mheon macánta. Dá bhrí sin, ar mhaithe le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht seiceálacha ag teorainneacha seachtracha, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le creat dlíthiúil iomchuí lena áiritheofar go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla teorann na mBallstát ag pointí trasnaithe teorann seachtracha den sórt sin ar shonraí API roimh theacht ***taistealaithe***.	(2) Trí úsáid a bhaint as sonraí ***paisinéirí*** agus as faisnéis eitilte arna n-aistriú roimh theacht na ***bpaisinéirí***, rud ar a dtugtar réamhaisnéis phaisinéirí (‘API’), cuidítear le dlús a chur leis an bpróiseas chun na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh le linn an phróisis trasnaithe teorann. Chun críocha an Rialacháin seo, baineann an próiseas sin, go sonrach, le teorainneacha a thrasnú idir tríú tír nó Ballstát nach bhfuil rannpháirteach sa Rialachán seo, ar lámh amháin, agus Ballstát atá rannpháirteach sa Rialachán seo, ar an lámh eile. Neartaítear le húsáid den sórt sin seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha sin trí am leordhóthanach a sholáthar chun go bhféadfar seiceálacha mionsonraithe cuimsitheacha a dhéanamh ar gach ***paisinéir***, gan tionchar diúltach díréireach a bheith aige ar dhaoine atá ag taisteal de mheon macánta. Dá bhrí sin, ar mhaithe le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht seiceálacha ag teorainneacha seachtracha, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le creat dlíthiúil iomchuí lena áiritheofar go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla teorann na mBallstát ag pointí trasnaithe teorann seachtracha den sórt sin ar shonraí API roimh theacht ***paisinéirí***.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun na cuspóirí leis a bhaint amach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na hiompróirí go léir a bhíonn i mbun eitiltí isteach san Aontas, mar a shainítear sa Rialachán seo, lena gcumhdófar eitiltí sceidealaithe agus eitiltí neamhsceidealaithe araon, gan beann ar cá háit a mbeidh bunaíocht na n-aeriompróirí a bhíonn i mbun na n-eitiltí sin.	(7) Chun na cuspóirí leis a bhaint amach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na hiompróirí ***tráchtála*** go léir a bhíonn i mbun eitiltí isteach san Aontas, mar a shainítear sa Rialachán seo, lena gcumhdófar eitiltí sceidealaithe agus eitiltí neamhsceidealaithe araon, gan beann ar cá háit a mbeidh bunaíocht na n-aeriompróirí a bhíonn i mbun na n-eitiltí sin. ***Ba cheart eitlíocht ghinearálta amhail scoileanna eitilte, eitiltí míleata nó eitiltí leighis a dhíolmhú ón Rialachán seo.***

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) I gcás paisinéirí idirthurais a bhfuil a gcéad phointe imeachta agus a gceann scríbe deiridh lasmuigh de chríoch na mBallstát atá rannpháirteach sa Rialachán seo, agus nach dtrasnóidh na teorainneacha seachtracha dá bhrí sin, níor cheart aeriompróirí a bheith faoi oibleagáid sonraí API a aistriú.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ar mhaithe le héifeachtacht agus	(8) Ar mhaithe le héifeachtacht agus

deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na míreanna faisnéise arb ionann iad le chéile agus na sonraí API a bhaileofar agus a aistreofar ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo a liostú go soiléir agus go cuimsitheach, agus cumhdófar leo faisnéis a bhaineann le gach ***taistealaí*** chomh maith le faisnéis faoi eitilt an ***taistealaí*** sin. Ba cheart go gcumhdófaí i bhfaisnéis den sórt sin faisnéis maidir le pointe iontrála an trasnaithe teorann i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann i ngach cás a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ach níor cheart an fhaisnéis sin a bhailiú ach i gcás inarb infheidhme faoi Rialachán (AE) amháin [forfheidhmiú an dlí API]***, is é sin le rá, ní sa chás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí laistigh den Aontas***.

deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na míreanna faisnéise arb ionann iad le chéile agus na sonraí API a bhaileofar agus a aistreofar ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo a liostú go soiléir agus go cuimsitheach, agus cumhdófar leo faisnéis a bhaineann le gach ***paisinéir*** chomh maith le faisnéis faoi eitilt an ***phaisinéara*** sin. Ba cheart go gcumhdófaí leis an bhfaisnéis eitilte sin faisnéis maidir leis an bpointe trasnaithe teorann isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann i ngach cás a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ach níor cheart an fhaisnéis sin a bhailiú ach amháin i gcás inarb infheidhme faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API].

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ***Le modhanna uathoibrithe cuirtear ar chumas taistealaithe*** sonraí áirithe API a sholáthar iad féin le linn próiseas seiceáil isteach ar líne. D'fhéadfadh, mar shampla, aip shlán ar fhón cliste ***taistealaithe***, ar ríomhaire nó ar cheamara gréasáin lena bhféadfaí sonraí meaisín-inléite an doiciméid taistil a léamh a bheith i gceist le modhanna den sórt sin. I gcás nár sheiceáil na ***taistealaithe*** isteach ar líne, ba cheart go dtabharfadh aeriompróirí, i gcleachtas, an deis dóibh na sonraí API meaisín-inléite lena mbaineann a sholáthar le linn seiceáil isteach ag an aerfort le cúnamh ó bhoth féinseirbhíse nó ó bhall foirne aerlíne ag an gcuntar.	(10) Ba cheart go gcuirfí ar chumas an phaisinéara sonraí API áirithe a sholáthar iad féin le linn próiseas seiceála isteach ar líne***, de láimh nó trí mhodhanna uathoibrithe a úsáid***. D'fhéadfadh, mar shampla, aip shlán ar fhón cliste ***paisinéara***, ar ríomhaire nó ar cheamara gréasáin lena bhféadfaí sonraí meaisín-inléite an doiciméid taistil a léamh a bheith i gceist le modhanna den sórt sin. I gcás nár sheiceáil an ***paisinéir*** isteach ar líne, ba cheart go dtabharfadh aeriompróirí, i gcleachtas, an deis dóibh na sonraí API meaisín-inléite lena mbaineann a sholáthar le linn seiceáil isteach ag an aerfort le cúnamh ó bhoth féinseirbhíse nó ó bhall foirne aerlíne ag an gcuntar. ***Ba cheart go mbeadh an paisinéir in ann sonraí a sholáthar gan costas ar bith ar an***

bpaisinéir.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Lena áirithiú go mbeidh na réamhsheiceálacha a dhéanfaidh na húdaráis inniúla teorann roimh ré éifeachtach agus éifeachtúil, ba cheart go mbeadh sna sonraí API a aistreofar chuig na húdaráis sin sonraí ***taistealaithe*** a bheidh ar tí na teorainneacha seachtracha a thrasnú, is é sin, sonraí ***taistealaithe*** atá ar bord an aerárthaigh i ndáiríre. Dá bhrí sin, ba cheart do na haeriompróirí sonraí API a aistriú go díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte. Thairis sin, cuidíonn sonraí API leis na húdaráis inniúla teorann idirdhealú a dhéanamh idir ***taistealaithe*** dlisteanacha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fíoruithe breise a dhéanamh orthu, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le bearta leantacha a chomhordú agus a ullmhú tuilleadh ar theacht dóibh. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i gcásanna ina mbeadh líon gan choinne de ***thaistealaithe*** a bheadh ina n-ábhar spéise a bhféadfadh a seiceálacha fisiceacha ag na teorainneacha tionchar diúltach a bheith acu ar sheiceálacha teorann agus ar thréimhsí feithimh ag teorainneacha ***taistealaithe*** dlisteanacha eile. Chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla teorann bearta leordhóthanacha comhréireacha a ullmhú ag an teorainn, amhail cur leis an bhfoireann nó í athúsáid ar bhonn sealadach, go háirithe le haghaidh eitiltí nach leor an t-am maidir leo idir dúnadh na n-eitiltí agus teacht na n-údarás inniúil teorann ag na teorainneacha seachtracha	(13) Lena áirithiú go mbeidh na réamhsheiceálacha a dhéanfaidh na húdaráis inniúla teorann roimh ré éifeachtach agus éifeachtúil, ba cheart go mbeadh sna sonraí API a aistreofar chuig na húdaráis sin sonraí ***paisinéirí*** a bheidh ar tí na teorainneacha seachtracha a thrasnú, is é sin, sonraí ***paisinéirí*** atá ar bord an aerárthaigh i ndáiríre. Dá bhrí sin, ba cheart do na haeriompróirí sonraí API a aistriú go díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte. Thairis sin, cuidíonn sonraí API leis na húdaráis inniúla teorann idirdhealú a dhéanamh idir ***paisinéirí*** dlisteanacha ***agus paisinéirí*** a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fíoruithe breise a dhéanamh orthu, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le bearta leantacha a chomhordú agus a ullmhú tuilleadh ar theacht dóibh. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i gcásanna ina mbeadh líon gan choinne de ***phaisinéirí*** a bheadh ina n-ábhar spéise a bhféadfadh a seiceálacha fisiceacha ag na teorainneacha tionchar diúltach a bheith acu ar sheiceálacha teorann agus ar thréimhsí feithimh ag teorainneacha ***paisinéirí*** dlisteanacha eile. Chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla teorann bearta leordhóthanacha comhréireacha a ullmhú ag an teorainn, amhail cur leis an bhfoireann nó í athúsáid ar bhonn sealadach, go háirithe le haghaidh eitiltí nach leor an t-am maidir leo idir dúnadh na n-eitiltí agus teacht na n-údarás inniúil teorann ag na teorainneacha

chun go bhféadfaidh siad an freagra is iomchuí a ullmhú, ba cheart sonraí API a tharchur freisin sula rachaidh taistealaithe ar bord, tráth sheiceála isteach gach ***taistealaí***.	seachtracha chun go bhféadfaidh siad an freagra is iomchuí a ullmhú, ba cheart sonraí API a tharchur freisin sula rachaidh taistealaithe ar bord, tráth seiceála isteach gach ***paisinéara***. ***Chun an tionchar ar aeriompróirí a laghdú, agus d'fhonn sineirgí a chruthú le hoibleagáidí tuairiscithe eile ar aeriompróirí i Rialacháin (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (CE) 767/2008 agus chun dúbláil a sheachaint, ba cheart d'aeriompróirí na sonraí API a aistriú tráth seiceála isteach gach paisinéara le API idirghníomhach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, agus an geata iompróra atá ann cheana á úsáid acu. Ba cheart freagra fóinteach a thabhairt d'aeriompróirí ar aistriú API idirghníomhach i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (CE) 767/2008.***
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) Chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú, ba cheart don ródaire a fhíorú an bhfuil na sonraí API a d'aistrigh na haeriompróirí chuige ag comhlíonadh na bhformáidí sonraí tacaithe. I gcás ina mbeidh sé fíoraithe ag an ródaire nach bhfuil na sonraí ag comhlíonadh na bhformáidí sonraí tacaithe, ba cheart don ródaire fógra a thabhairt láithreach agus trí mhodh uathoibrithe don aeriompróir lena mbaineann.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Lena áirithiú go mbeidh dóthain ama ag na húdaráis inniúla teorann chun réamhsheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh ar gach taistealaí, lena n-áirítear ***taistealaithe*** ar eitiltí cianaistir agus iad siúd a bheidh ag taisteal ar nasceitiltí mar aon le dóthain ama lena áirithiú go mbeidh na sonraí API a bhailíonn agus a aistríonn na haeriompróirí iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, agus i gcás inar gá chun soiléirithe, ceartuithe nó comhlánuithe breise a iarraidh ó na haeriompróirí, ba cheart do na húdaráis inniúla teorann na sonraí API a fuair siad faoin Rialachán seo a stóráil ar feadh tréimhse ama shocraithe a bheidh teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun na gcríoch sin. Mar an gcéanna, le bheith ábalta freagairt d'iarratais dá leithéid, ba cheart d'aeriompróirí na sonraí API a d'aistrigh siad faoin Rialachán seo a stóráil ar feadh na tréimhse ama socraithe agus fíor-riachtanaí céanna.	(16) Lena áirithiú go mbeidh dóthain ama ag na húdaráis inniúla teorann chun réamhsheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh ar gach ***paisinéir***, lena n-áirítear ***paisinéirí*** ar eitiltí cianaistir agus iad siúd a bheidh ag taisteal ar nasceitiltí mar aon le dóthain ama lena áirithiú go mbeidh na sonraí API a bhailíonn agus a aistríonn na haeriompróirí iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, agus i gcás inar gá chun soiléirithe, ceartuithe nó comhlánuithe breise a iarraidh ó na haeriompróirí, ba cheart do na húdaráis inniúla teorann na sonraí API a fuair siad faoin Rialachán seo a stóráil ar feadh tréimhse ama shocraithe a bheidh teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun na gcríoch sin. Mar an gcéanna, le bheith ábalta freagairt d'iarratais dá leithéid, ba cheart d'aeriompróirí na sonraí API a d'aistrigh siad faoin Rialachán seo a stóráil ar feadh na tréimhse ama socraithe agus fíor-riachtanaí céanna.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Níor cheart go bhfeidhmeofaí an ródaire ach chun tarchur sonraí API ó na haeriompróirí chuig na húdaráis inniúla teorann a éascú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus chuig PIUnna i gcomhréir le Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API], agus níor cheart gur stór sonraí	(19) Níor cheart go bhfeidhmeofaí an ródaire ach chun tarchur sonraí API ó na haeriompróirí chuig na húdaráis inniúla teorann a éascú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus chuig PIUnna i gcomhréir le Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API], agus níor cheart gur stór sonraí

API é. Dá bhrí sin, agus chun aon riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe nó mí-úsáid eile a íoslaghdú agus i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, ba cheart aon stóráil ar shonraí API ar an ródaire a bheith teoranta i gcónaí don mhéid atá fíor-riachtanach chun críocha teicniúla a bhaineann leis an tarchur agus ba cheart na sonraí API a scriosadh ón ródaire, láithreach, go buan agus ar bhealach uathoibrithe, ón tráth a bheidh an tarchur déanta ***nó, i gcás inarb ábhartha faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API], nach bhfuil na sonraí API le tarchur ar chor ar bith***.	API é. Dá bhrí sin, agus chun aon riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe nó mí-úsáid eile a íoslaghdú agus i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, ba cheart aon stóráil sonraí API ar an ródaire a bheith teoranta i gcónaí don mhéid atá fíor-riachtanach chun críocha teicniúla a bhaineann leis tarchur agus ba cheart an API a scriosadh ón ródaire, láithreach, go buan agus trí mhodh uathoibrithe, ón tráth a bheidh an tarchur déanta.
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart na costais a thabhóidh eu-LISA chun a chúraimí faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API] a chomhlíonadh ***i dtaca leis an ródaire*** a íoc as buiséad an Aontais. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh freisin i gcás costais iomchuí arna dtabhú ag na Ballstáit maidir lena naisc leis an ródaire agus lena gcomhtháthú leis an ródaire, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart do gach Ballstát lena mbaineann na costais a chumhdaítear faoi na heisceachtaí sin a íoc é féin.	(23) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart na costais a thabhóidh ***an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus*** eu-LISA as comhlíonadh a chúraimí faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API] a íoc as buiséad an Aontais. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh freisin i gcás costais iomchuí arna dtabhú ag na Ballstáit maidir lena naisc leis an ródaire agus lena gcomhtháthú leis an ródaire, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart do gach Ballstát lena mbaineann na costais a chumhdaítear faoi na heisceachtaí sin a íoc é féin. ***Na costais arna dtabhú ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha i ndáil leis na cúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú dlí API], titfidh siad ar na Ballstáit faoi***

seach freisin.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Níor cheart go rachfaí i gcion leis an Rialachán seo ar an bhféidearthacht do na Ballstáit foráil a dhéanamh, faoina ndlí náisiúnta, maidir le córas chun sonraí API a bhailiú ó sholáthraithe iompair seachas na soláthraithe a shonraítear sa Rialachán seo, ar choinníoll go gcomhlíonann dlí náisiúnta den sórt sin dlí an Aontais.	***scriosta***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le haeriompróirí a dhéanann eitiltí sceidealaithe nó neamhsceidealaithe isteach san Aontas.	Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le haeriompróirí a dhéanann eitiltí sceidealaithe nó neamhsceidealaithe isteach san Aontas. ***Beidh an eitlíocht ghinearálta díolmhaithe ón Rialachán seo.***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ciallaíonn ‘aeriompróir’ gnóthas aeriompair mar a shainítear in Airteagal 3, pointe 1, de Threoir (AE) 2016/681;	(a) ciallaíonn ‘aeriompróir’ gnóthas aeriompair mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 1, de Threoir (AE) 2016/681***, seachas gnóthais aeriompair a dhéanann oibríochtaí eitlíochta ginearálta***;

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) ciallaíonn ‘eitlíocht ghinearálta’ gach oibríocht eitlíochta sibhialta seachas aersheirbhísí sceidealta agus oibríochtaí aeriompair neamhsceidealta ar luach saothair nó ar fruiliú mar a shainmhínítear in aicmiú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO);

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ciallaíonn ‘eitilt sceidealaithe’ eitilt a oibrítear de réir amchlár socraithe, ar féidir leis an bpobal i gcoitinne ticéid a cheannach lena haghaidh;	(e) ciallaíonn ‘eitilt sceidealaithe’ eitilt ***tráchtála*** a oibrítear de réir amchlár socraithe, ar féidir leis an bpobal i gcoitinne ticéid a cheannach lena haghaidh;

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ciallaíonn ‘eitilt neamhsceidealaithe’ eitilt nach n-oibrítear de réir amchlár socraithe agus nach gá gur cuid de bhealach rialta nó de bhealach sceidealaithe í;	(f) ciallaíonn ‘eitilt neamhsceidealaithe’ eitilt ***tráchtála*** nach n-oibrítear de réir amchlár socraithe agus nach gá gur cuid de bhealach rialta nó de bhealach sceidealaithe í;

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) ciallaíonn ‘paisinéir‘ aon duine, seachas baill den fhoireann, a iompraítear nó a iomprófar in aerárthach le toiliú an aeriompróra, agus an toiliú sin léirithe le clárú an duine sin ar an liosta paisinéirí;	(h) (h) ciallaíonn ‘paisinéir‘ aon duine, seachas baill den fhoireann***, mura rud é nach bhfuil siad ar dualgas,*** a iompraítear nó a iomprófar in aerárthach le toiliú an aeriompróra, agus an toiliú sin léirithe le clárú an duine sin ar an liosta paisinéirí;

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) ciallaíonn ‘taistealaí’ paisinéir nó ball foirne;	***scriosta***

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) ciallaíonn ‘sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí’ nó ‘sonraí API’ sonraí na ***dtaistealaithe*** agus an fhaisnéis eitilte dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (3) faoi seach;	(k) ciallaíonn ‘sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí’ nó 'sonraí API' sonraí na ***bpaisinéirí*** agus an fhaisnéis eitilte dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (3) faoi seach;

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Baileoidh aeriompróirí sonraí API na ***dtaistealaithe***, ina mbeidh sonraí na ***dtaistealaithe*** agus an fhaisnéis eitilte a shonraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo, faoi seach, maidir leis na heitiltí dá dtagraítear in Airteagal 2, chun na sonraí API sin a aistriú chuig an ródaire i gcomhréir le hAirteagal 6.	1. Baileoidh aeriompróirí sonraí API na ***bpaisinéirí***, ina mbeidh sonraí na ***bpaisinéirí*** agus an fhaisnéis eitilte a shonraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo, faoi seach, maidir leis na heitiltí dá dtagraítear in Airteagal 2, chun na sonraí API sin a aistriú chuig an ródaire i gcomhréir le hAirteagal 6. ***Nuair a roinntear cód na heitilte idir aon aeriompróir amháin nó níos mó, is ar an aeriompróir a oibríonn an eitilt a bheidh an oibleagáid chun na sonraí API a aistriú.***

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh na sonraí seo a leanas maidir le gach ***taistealaí*** ar an eitilt i gceist leis na sonraí API :	2. ***Ní*** bheidh sna sonraí API ***ach*** na sonraí ***paisinéirí*** seo a leanas a bhaineann le gach ***paisinéir*** ar an eitilt:

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) cé acu an paisinéir nó ball den fhoireann é nó í an taistealaí (stádas an taistealaí);	***scriosta***

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) ***an fhaisnéis faoi shuíocháin, amhail*** uimhir an tsuíocháin san aerárthach a shannfar do phaisinéir, i gcás ina mbailíonn an t-aeriompróir an fhaisnéis sin;	(g) uimhir an tsuíocháin san aerárthach a shannfar do phaisinéir, i gcás ina mbailíonn an t-aeriompróir an fhaisnéis sin;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) ***faisnéis faoi bhagáiste, mar shampla*** líon na málaí seiceáilte, sa chás ina mbailíonn an t-aeriompróir faisnéis den sórt sin.	(h) líon ***agus meáchan na*** málaí seiceáilte, i gcás ina mbailíonn an t-aeriompróir an fhaisnéis sin.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuimseofar sna sonraí API freisin an fhaisnéis eitilte seo a leanas maidir le heitilt gach ***taistealaí***:	3. ***Ní*** chuimseofar sna sonraí API freisin ***ach*** an fhaisnéis eitilte seo a leanas maidir le heitilt gach ***paisinéara***:

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir aitheantais na heitilte nó, murab ann d'uimhir den sórt sin, modh eile atá soiléir agus oiriúnach chun an eitilt a shainaithint;	(a) uimhir aitheantais na heitilte nó, ***i gcás ina ndéantar cód na heitilte a roinnt idir aeriompróir amháin nó níos mó, uimhreacha aitheantais na heitilte, nó*** mura bhfuil a leithéid d'uimhir ann, modhanna soiléire oiriúnacha eile chun an eitilt a shainaithint;

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Baileoidh aeriompróirí na sonraí API dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d), trí mhodhanna uathoibrithe chun sonraí meaisín-inléite dhoiciméad taistil an ***taistealaí*** lena mbaineann a bhailiú. Déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus na rialacha oibríochtúla mionsonraithe dá dtagraítear i mír 4, i gcás inar glacadh na rialacha sin agus ina mbeidh siad infheidhme.	Baileoidh aeriompróirí na sonraí API dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d), trí mhodhanna uathoibrithe chun sonraí meaisín-inléite dhoiciméad taistil an ***phaisinéara*** lena mbaineann a bhailiú. Déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus na rialacha oibríochtúla mionsonraithe dá dtagraítear i mír 4, i gcás inar glacadh na rialacha sin agus ina mbeidh siad infheidhme.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina gcuirfidh aeriompróirí próiseas seiceála isteach ar líne ar fáil, cuirfidh siad ar chumas paisinéirí na sonraí API dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) a sholáthar le linn an phróisis seiceála isteach ar líne.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí	1. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí

API chuig an ródaire trí mheán leictreonach. Déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear i mír 3, i gcás inar glacadh na rialacha sin agus ina mbeidh siad infheidhme.	***criptithe*** API chuig an ródaire trí mheán leictreonach. Déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear i mír 3, i gcás inar glacadh na rialacha sin agus ina mbeidh siad infheidhme.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, a luaithe a rachaidh na paisinéirí ar bord an aerárthaigh mar ullmhúchán d'imeacht agus nuair nach féidir le paisinéirí dul ar bord an aerárthaigh nó an t-aerárthach a fhágáil a thuilleadh.	2. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, a luaithe a rachaidh na paisinéirí ar bord an aerárthaigh mar ullmhúchán d'imeacht agus nuair nach féidir le paisinéirí dul ar bord an aerárthaigh nó an t-aerárthach a fhágáil a thuilleadh. ***Tráth na seiceála isteach, aistreoidh aeriompróirí na sonraí API trí API idirghníomhach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. I gcás ina n-aistreoidh aeriompróir na sonraí API trí API idirghníomhach, gheobhaidh sé freagra fóinteach i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (CE) 767/2008.***

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun	3. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun

an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail chomhchoiteanna agus na formáidí sonraí tacaithe a úsáidfear chun sonraí API a aistriú chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 1.	an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail chomhchoiteanna agus na formáidí sonraí tacaithe a úsáidfear chun sonraí API ***criptithe*** a aistriú chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 1.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Stórálfaidh aeriompróirí, ar feadh tréimhse ama ***48*** n-uair an chloig ó am imeachta na heitilte, na sonraí API a bhaineann leis an bpaisinéir sin a bhailigh siad de bhun Airteagal 4. Scriosfaidh siad na sonraí API sin láithreach agus go buan nuair a rachaidh an tréimhse ama sin in éag.	1. Stórálfaidh aeriompróirí, ar feadh tréimhse ama ***24*** uair an chloig ó am imeachta na heitilte, na sonraí API a bhaineann leis an bpaisinéir sin a bhailigh siad de bhun Airteagal 4. Scriosfaidh siad na sonraí API sin láithreach agus go buan nuair a rachaidh an tréimhse ama sin in éag.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Stórálfaidh na húdaráis inniúla teorann, ar feadh tréimhse ama ***48*** n-uair an chloig ó am imeachta na heitilte, na sonraí API a bhaineann leis an bpaisinéir sin a fuair siad tríd an ródaire de bhun Airteagal 11. Scriosfaidh siad na sonraí API sin láithreach agus go buan nuair a rachaidh an tréimhse ama sin in éag.	2. Stórálfaidh na húdaráis inniúla teorann, ar feadh tréimhse ama ***24*** uair an chloig ó am imeachta na heitilte, na sonraí API a bhaineann leis an bpaisinéir sin a fuair siad tríd an ródaire de bhun Airteagal 11. Scriosfaidh siad na sonraí API sin láithreach agus go buan nuair a rachaidh an tréimhse ama sin in éag.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article 8a
	Neamh-idirdhealú agus cearta bunúsacha
	Ní bheidh mar thoradh ar phróiseáil a dhéanann aon úsáideoir ar shonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) [forfheidhmiú dlí API] go ndéanfar idirdhealú in aghaidh ábhair sonraí ar bhonn inscne, cine, datha, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoine, breithe, míchumais, aoise, nó gnéaschlaonta. Déanfar í agus dínit agus ionracas an duine a n-urramú go hiomlán chomh maith le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí saol príobháideach an duine agus go gcosnófaí sonraí pearsanta. Tabharfar aird ar leith ar leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. Beidh sárleasanna an linbh ina príomhchomaoin.
	Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article 8b
	Leigheasanna dlíthiúla

	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil ag na daoine a ndéanann na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo difear dóibh chun a gcearta a chaomhnú.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bealach cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus na húdaráis teorann inniúla agus na PIUnna, agus bealach cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus na haeriompróirí, chun sonraí API a aistriú agus le haghaidh aon chumarsáid a bhaineann leis sin.	(b) bealach cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus na húdaráis teorann inniúla agus na PIUnna, agus bealach cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus na haeriompróirí, chun sonraí API a aistriú ***agus a tharchur*** agus le haghaidh aon chumarsáid a bhaineann leis sin.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Leis an ródaire, féadfar sonraí criptithe API a ghlacadh agus a tharchur.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní úsáidfidh aeriompróirí an ródaire ach chun sonraí API a aistriú amháin agus ní úsáidfidh údaráis teorann inniúla agus PIUnna é ach chun sonraí API a fháil amháin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) [forfheidhmiú dlí API], faoi seach.	Ní úsáidfidh aeriompróirí an ródaire ach chun sonraí ***criptithe*** API a aistriú agus ní úsáidfidh údaráis teorann inniúla agus PIUnna é ach chun sonraí ***criptithe*** API a fháil, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) [forfheidhmiú dlí API], faoi seach.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an ródaire, déanfar na sonraí API, arna n-aistriú chuige de bhun Airteagal 6, a tharchur láithreach agus ar bhealach uathoibrithe chuig údaráis inniúla teorann an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 4(3), pointe (c). Déanfaidh sé amhlaidh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, i gcás inar glacadh na rialacha sin agus ina mbeidh siad infheidhme.	Leis an ródaire, déanfar na sonraí ***criptithe*** API, arna n-aistriú chuige de bhun Airteagal 6, a tharchur láithreach agus ar bhealach uathoibrithe chuig údaráis inniúla teorann an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 4(3), pointe (c). Déanfaidh sé amhlaidh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, i gcás inar glacadh na rialacha sin agus ina mbeidh siad infheidhme.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh rochtain ach ag baill foirne chuí-údaraithe na n-údarás inniúil teorann ar na sonraí API arna dtarchur chucu tríd an	3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh rochtain ach ag baill foirne chuí-údaraithe ***agus chuí-oilte*** na n-údarás inniúil teorann ar na sonraí API arna

ródaire. Leagfaidh siad síos na rialacha is gá chuige sin. Áireofar leis rialacha sin rialacha maidir le liosta de na baill foirne sin agus a bpróifílí a chruthú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

dtarchur chucu tríd an ródaire. Leagfaidh siad síos na rialacha is gá chuige sin. Áireofar leis rialacha sin rialacha maidir le liosta de na baill foirne sin agus a bpróifílí a chruthú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe teicniúla agus nós imeachta a leagan síos maidir le tarchur sonraí API ón ródaire dá dtagraítear i mír 1.	4. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe teicniúla agus nós imeachta a leagan síos maidir le tarchur sonraí ***criptithe*** API ón ródaire dá dtagraítear i mír 1.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní dhéanfar sonraí API, arna n-aistriú chuig an ródaire de bhun an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API], a stóráil ar an ródaire ach a mhéid is gá chun an tarchur chuig na húdaráis inniúla teorainneacha ábhartha nó chuig PIUnna ábhartha a chur i gcrích amháin, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis na Rialacháin sin agus scriosfar iad ón ródaire láithreach, go buan agus ar bhealach uathoibrithe, ***sa dá*** chás seo a leanas:	Ní dhéanfar sonraí API, arna n-aistriú chuig an ródaire de bhun an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API], a stóráil ar an ródaire ach a mhéid is gá chun an tarchur chuig na húdaráis inniúla teorainneacha ábhartha nó chuig PIUnna ábhartha a chur i gcrích amháin, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis na Rialacháin sin agus scriosfar iad ón ródaire láithreach, go buan agus ar bhealach uathoibrithe, sna cásanna seo a leanas:

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) i gcásanna nach bhfuil an ródaire in ann na sonraí API a tharchur chuig na húdaráis inniúla náisiúnta ina dhiaidh sin, tar éis 12 uair an chloig;

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) maidir le Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API], i gcás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí eile laistigh den Aontas seachas na heitiltí sin ar na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Rialachán sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála go léir a bhaineann le haistriú sonraí API tríd an ródaire faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API]. Cumhdófar sna	coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála go léir a bhaineann le haistriú sonraí API tríd an ródaire faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API]. Cumhdófar sna

logaí sin ***an méid seo a leanas***:

logaí sin an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cruthóidh aeriompróirí logaí de na hoibríochtaí próiseála go léir faoin Rialachán seo arna ndéanamh trí úsáid a bhaint as na modhanna uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2). Cumhdófar sna logaí sin dáta, am agus áit aistrithe na sonraí API.	2. Cruthóidh aeriompróirí logaí de na hoibríochtaí próiseála go léir faoin Rialachán seo arna ndéanamh trí úsáid a bhaint as na modhanna uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2). Cumhdófar sna logaí sin dáta, am agus áit aistrithe na sonraí API. ***Ní bheidh aon sonraí pearsanta sna logaí sin.***

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Má bhíonn na logaí sin ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar shonraí API nó chun slándáil agus sláine na sonraí sin nó dlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála, dá dtagraítear i mír 2, a áirithiú, agus má bhíonn tús curtha cheana leis na nósanna imeachta sin ón uair a chuaigh an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír in éag, áfach, ***féadfaidh*** eu-LISA agus na haeriompróirí na logaí sin a choinneáil a fhad is gá do na nósanna imeachta sin. Sa chás sin, scriosfaidh siad na logaí sin láithreach nuair nach mbeidh siad riachtanach a thuilleadh do na nósanna imeachta sin.	Má bhíonn na logaí sin ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar shonraí API nó chun slándáil agus sláine na sonraí sin nó dlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála, dá dtagraítear i mír 2, a áirithiú, agus má bhíonn tús curtha cheana leis na nósanna imeachta sin ón uair a chuaigh an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír in éag, áfach, ***déanfaidh*** eu-LISA agus na haeriompróirí na logaí sin a choinneáil a fhad is gá do na nósanna imeachta sin ***tar éis an méid sin a chur in iúl don Choimisiún agus bonn cirt a thabhairt dó***. Sa chás sin, scriosfaidh siad na logaí sin láithreach nuair nach mbeidh siad

riachtanach a thuilleadh do na nósanna imeachta sin.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Áiritheoidh*** na ***húdaráis inniúla náisiúnta um chosaint sonraí*** dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 ***go ndéanfar*** iniúchadh, uair amháin ar a laghad gach 4 bliana, ar oibríochtaí próiseála ar shonraí API ar sonraí pearsanta iad arna ndéanamh ag na ***húdaráis*** inniúla teorann chun críocha an Rialacháin seo, i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha.	1. ***Déanfaidh*** na húdaráis ***mhaoirseachta neamhspleácha*** dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679, uair amháin ar a laghad gach 4 bliana, iniúchadh ar oibríochtaí próiseála ar shonraí API ar sonraí pearsanta iad arna ndéanamh ag na ***húdaráis*** inniúla teorann chun críocha an Rialacháin seo, i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Áiritheoidh*** an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ***go ndéanfar*** iniúchadh, uair amháin sa bhliain ar a laghad, ar oibríochtaí próiseála ar shonraí API ar sonraí pearsanta iad arna ndéanamh ag eu-LISA chun críocha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API] i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha. Seolfar tuarascáil ar an iniúchadh sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na	2. ***Déanfaidh*** an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, uair amháin sa bhliain ar a laghad, iniúchadh ar oibríochtaí próiseála ar shonraí API ar sonraí pearsanta iad arna ndéanamh ag eu-LISA chun críocha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí API] i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na Ballstáit agus chuig

Ballstáit agus chuig eu-LISA. Tabharfar deis do eu-LISA barúlacha a thabhairt sula nglacfar na tuarascálacha.	eu-LISA. Tabharfar deis do eu-LISA barúlacha a thabhairt sula nglacfar na tuarascálacha.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Costais eu-LISA agus na mBallstát	Costais eu-LISA, ***an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, na n-údarás maoirseachta náisiúnta*** agus na mBallstát

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndáil leis na cúraimí a chuirtear air faoin Rialachán seo.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Is ar na Ballstáit a thitfidh na

	costais a thabhóidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha i ndáil leis na cúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Úsáid dheonach an ródaire agus Treoir ***2004/81/CE*** á cur i bhfeidhm	Úsáid dheonach an ródaire agus Treoir ***2004/82/CE*** á cur i bhfeidhm

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina dtosóidh aeriompróir ag úsáid an ródaire i gcomhréir le mír 1, leanfaidh sé den fhaisnéis sin a úsáid chun an fhaisnéis sin a tharchur chuig an ***údarás*** freagrach lena mbaineann go dtí dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 39. Scoirfear den úsáid sin, áfach, ó dháta iomchuí a shocróidh an t-údarás sin, i gcás ina measfaidh an t-údarás sin go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena n-éilítear scor dá leithéid agus gur chuir sé an t-aeriompróir ar an eolas dá réir sin.	2. I gcás ina dtosóidh aeriompróir ag úsáid an ródaire i gcomhréir le mír 1, leanfaidh sé den fhaisnéis sin a úsáid chun an fhaisnéis sin a tharchur chuig ***údaráis*** fhreagracha ***na mBallstát*** lena mbaineann go dtí dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 39. Scoirfear den úsáid sin, áfach, ó dháta iomchuí a shocróidh an t-údarás sin, i gcás ina measfaidh an t-údarás sin go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena n-éilítear scor dá leithéid agus gur chuir sé an t-aeriompróir ar an eolas dá réir sin.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfaidh na Ballstáit, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal ***21***, fógra don Choimisiún faoi ainm agus faoi shonraí teagmhála na n-údarás a d'ainmnigh siad faoi mhír 1 agus faoi na rialacha mionsonraithe arna leagan síos acu de bhun mhír 2. Tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún agus faoi aon athrú nó leasú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.	3. Tabharfaidh na Ballstáit, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal ***39***, fógra don Choimisiún faoi ainm agus faoi shonraí teagmhála na n-údarás a d'ainmnigh siad faoi mhír 1 agus faoi na rialacha mionsonraithe arna leagan síos acu de bhun mhír 2. Tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún agus faoi aon athrú nó leasú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh mainneachtain chórasach nó leanúnach na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh faoi réir pionóis airgeadais suas le EUR 10 milliún, d'ainneoin cheart na mBallstát pionóis neamhairgeadais a fhorchur ina theannta sin.

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gach ráithe, foilseoidh eu-LISA staidreamh maidir le feidhmiú an ródaire, ina dtaispeánfar go háirithe líon, náisiúntacht agus tír imeachta na ***dtaistealaithe***, agus go sonrach an líon ***taistealaithe*** a chuaigh ar bord an aerárthaigh le sonraí API a bhí míchruinn, neamhiomlán nó nach raibh cothrom le dáta a thuilleadh, le doiciméad taistil neamhaitheanta, gan víosa bailí, gan údarú taistil bailí, nó a tuairiscíodh mar rófhanacht, líon agus náisiúntacht na ***dtaistealaithe***.	1. Gach ráithe, foilseoidh eu-LISA staidreamh maidir le feidhmiú an ródaire, ina dtaispeánfar go háirithe líon, náisiúntacht agus tír imeachta na ***bpaisinéirí***, agus go sonrach an líon taistealaithe a chuaigh ar bord an aerárthaigh le sonraí API a bhí míchruinn, neamhiomlán nó nach raibh cothrom le dáta a thuilleadh, le doiciméad taistil neamhaitheanta, gan víosa bailí, gan údarú taistil bailí, nó a tuairiscíodh mar rófhanacht, líon agus náisiúntacht na ***bpaisinéirí***.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh an ceart ag eu-LISA rochtain a fháil ar na sonraí API seo a leanas a tharchuirtear tríd an ródaire, chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 38 agus chun staidreamh a chruthú i gcomhréir leis an Airteagal reatha amháin, ach gan rochtain mar sin lena bhféadfar na ***taistealaithe*** lena mbaineann a shainaithint:	5. Beidh an ceart ag eu-LISA rochtain a fháil ar na sonraí API seo a leanas a tharchuirtear tríd an ródaire, chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 38 agus chun staidreamh a chruthú i gcomhréir leis an Airteagal reatha amháin, ach gan rochtain mar sin lena bhféadfar na ***paisinéirí*** lena mbaineann a shainaithint:

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cé acu an paisinéir nó ball den	***scriosta***

fhoireann é nó í an taistealaí;

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) náisiúntacht, inscne agus bliain bhreithe an ***taistealaí***;	(b) náisiúntacht, inscne agus bliain bhreithe an ***phaisinéara***;

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) líon na ***dtaistealaithe a seiceáladh isteach*** ar an eitilt chéanna;	(e) líon na ***bpaisinéirí*** a seiceáladh isteach ar an eitilt chéanna;

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) an bhfuil sonraí pearsanta an ***taistealaí*** cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.	(g) an bhfuil sonraí pearsanta an ***phaisinéara*** cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní dhéanfaidh aon ní sa mhír seo difear do chineál anaithnidithe na sonraí staidrimh.

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Beidh toirmeasc ar úsáid na sonraí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo le haghaidh anailís riosca uathoibrithe nó neamh-uathoibrithe, próifílithe nó measúnú riosca tuarthach.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla teorann, le húdaráis ábhartha eile na mBallstát, leis na haeriompróirí agus le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, lámhleabhar praiticiúil, ina mbeidh treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, a ullmhú agus a chur ar fáil go poiblí.	Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla teorann, le húdaráis ábhartha eile na mBallstát, leis na haeriompróirí agus le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, ***go háirithe leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha,*** lámhleabhar praiticiúil a ullmhú agus a chur ar fáil go poiblí, ina mbeidh treoirlínte, moltaí agus

dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo***, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha a chomhlíonadh agus maidir le pionóis i gcomhréir le hAirteagal 30***.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 32a
	Grúpa Teagmhála API
	1. Bunófar Grúpa Teagmhála API le héifeacht ón [mí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus oibriú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin. Éascóidh sé comhar agus malartú faisnéise maidir le hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo agus saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo i measc na mBallstát, institiúidí an Aontais agus geallsealbhóirí.
	2. Beidh an Grúpa Teagmhála API comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó údaráis ábhartha na mBallstát, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó eu-LISA. I gcás inarb ábhartha chun a chúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh Grúpa Teagmhála API cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha, go háirithe ionadaithe aeriompróirí, MECS agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha, chun páirt a ghlacadh ina chuid oibre. Beidh ionadaí an Choimisiúin ina chathaoirleach ar Ghrúpa Teagmhála API.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1
Rialachán (AE) 2019/817
Airteagal 39 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2018/1240, Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1860, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) .../... * [an Rialachán seo]. Deonófar rochtain ar an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh trí bhíthin rochtain rialaithe, shlán agus trí phróifílí úsáideoirí sonracha, chun críocha tuairiscithe agus staidrimh amháin, do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2018/1240, Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) …/… [an Rialachán seo].	2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2018/1240, Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1860, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) .../... * [an Rialachán seo]. Deonófar rochtain ar an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh trí bhíthin rochtain rialaithe, shlán agus trí phróifílí úsáideoirí sonracha, chun críocha tuairiscithe agus staidrimh amháin, do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2018/1240, Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) …/… [an Rialachán seo]. ***Go háirithe, beidh toirmeasc ar an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a úsáid chun anailís riosca, próifíliú nó measúnú riosca réamhfháistineach a dhéanamh.***

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin [bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, soláthróidh eu-LISA tuarascáil, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í faoin dul chun cinn a bheidh déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh, agus faoi rioscaí ar bith a d'imreodh tionchar ar na costais fhoriomlána a fhágfar ar bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 25.	2. Faoin [bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, soláthróidh eu-LISA tuarascáil, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í faoin dul chun cinn a bheidh déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh, agus faoi rioscaí ar bith a d'imreodh tionchar ar na costais fhoriomlána a fhágfar ar bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 25. ***Ón dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí an ródaire agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú chun féachaint an gcumhdaíonn an buiséad faoi líne bhuiséid CAI 4.11.10.02 (‘eu-LISA’) na riachtanais is gá le haghaidh dhea-dhearadh, fhorbairt, óstáil agus bhainistiú teicniúil an ródaire agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé láithreach leasú ar na leithreasuithe buiséadacha.***

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an Rialachán seo déantar Treoir 2004/82/CE a nuashonrú agus a ionadú, arb í an creat dlíthiúil í atá ann cheana maidir le sonraí API atá beathaithe chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a éascú, inimirce neamhdhleathach a chomhrac agus slándáil inmheánach a mhéadú. Cé gur cruthaíodh go raibh Treoir 2004/82/CE éifeachtach maidir le feabhas a chur ar rialú ag teorainneacha, chruthaigh a cur i bhfeidhm éagsúil ar an leibhéal náisiúnta neamhréireachtaí, a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu anois leis na rialacha nua atá molta ag an gCoimisiún.

Go sonrach, tugtar isteach an méid seo a leanas leis an Rialachán seo:

1) forálacha maidir le sonraí API a bheith á mbailiú agus á n-aistriú chuig an ródaire ag aeriompróirí, an riail maidir le próiseáil sonraí API ag údaráis inniúla agus maidir le stóráil agus scriosadh sonraí API ag aeriompróirí agus ag údaráis inniúla araon;
2) pointe aonair a bhunú chun sonraí a ghlacadh agus a dháileadh ar aghaidh, an ródaire, a bheidh á bhainistiú ag eu-LISA; thairis sin, rialacha maidir le húsáid an ródaire, maidir le sonraí API ón ródaire agus ón nós imeachta a scriosadh i gcás nach féidir an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla;
3) forálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, chomh maith le slándáil agus féinfhaireachán a dhéanann aeriompróirí agus údaráis inniúla;
4) rialacha agus coinníollacha maidir leis an bhféidearthacht go mbainfeadh aeriompróirí úsáid dheonach as an ródaire ar dtús, sula gcuirfear i bhfeidhm ar bhonn éigeantach é;
5) ceanglais maidir le maoirseacht agus maidir le pionóis a d'fhéadfadh a ghearradh i gcás nach gcomhlíonfaidh aeriompróirí iad.

Áirítear sa Rialachán seo freisin forálacha buiséadacha lena maoineofar bunú agus feidhmiú an ródaire agus na costais arna dtabhú ag na Ballstáit (seachas eisceachtaí áirithe) i ndáil lena naisc leis an ródaire agus a gcomhtháthú leis an ródaire, faoi bhuiséad an Aontais.

Seasamh an Rapóirtéara

Ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo ar chumas na n-údarás freisin meastachán a dhéanamh roimh ré ar an acmhainn rialaithe is gá a bheith ag aerfoirt agus ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas aeriompróirí an fhaisnéis a phróiseáil ag an tseiceáil isteach ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tapúla. Is díol sásaimh don Rapóirtéir é, mar sin, an modh cuichóirithe agus níos simplí sin d'aeriompróirí chun sonraí API a sholáthar trí chóras láraithe. Tá sé den tuairim freisin gur féidir leis an digitiú agus leis an uathoibriú a bheith ina n-uirlis úsáideach chun earráidí a mhaolú agus chun eispéireas taistil níos fearr a thabhairt do phaisinéirí. Mar sin féin, níor cheart don Rialachán seo a bheith chun dochair d'eispéireas taistil an taistealaí dhlisteanaigh. Sa chiall sin, tugadh isteach soiléiriú maidir leis an bhféidearthacht seiceáil isteach ar líne, chomh maith le srian maidir le táillí a ghearradh ar na paisinéirí nuair a chuirtear na sonraí ar fáil ag an aerfort.

Tá sé ar intinn ag an Rapóirtéir freisin sonraí API ar chaighdeán níos fearr a áirithiú chun seiceálacha ag teorainneacha seachtracha a éascú, agus béim á leagan ar an ngá atá le hurraim iomlán a thabhairt do cheart bunúsach na saoránach chun cosaint sonraí. I bhfianaise chineál íogaireach na sonraí pearsanta, tugtar isteach an ceanglas sonraí API a chriptiú nuair a

aistrítear iad ón aeriompróir chuig an ródaire agus ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig na húdaráis inniúla. Molann an Rapóirtéir freisin go gcuirfí srian soiléir ar úsáid sonraí staidrimh chun críocha sonracha a shainítear in Airteagal 31. Ar mhaithe le comhleanúnachas agus comhréireacht, tá sé ar intinn ag an Rapóirtéir freisin comhaltaí den chriú agus paisinéirí idirthurais araon a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

Creideann an Rapóirtéir gur cheart go n-éascódh an reachtaíocht sin daoine atá ag taisteal, agus níos lú ama á chaitheamh acu ag díbhordáil agus ag seiceálacha fisiceacha teorann. Dá bhrí sin, tugann an Rapóirtéir foráil isteach in Airteagal 38, lena bhforchuirtear ceanglas ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo ar eispéaras taistil taistealaithe. Iarrann sé freisin go mbunófaí grúpa teagmhála API, chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise i measc na mBallstát, institiúidí an Aontais agus geallsealbhóirí. Tuigeann an Rapóirtéir go bhféadfadh sé go mbeadh ar aeriompróirí, i gcásanna áirithe, logaí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná i gcás nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil agus sláine shonraí API nó ar dhlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála nó chun slándáil agus sláine na sonraí sin a áirithiú. Ós rud é nach bhfuil na cúiseanna le síneadh a chur leis an tréimhse stórála sealadaí soiléir go leor i ndáil le cuspóir an Rialacháin seo, is fearr leis an Rapóirtéir teorainn 24 uair an chloig a chur leis an tréimhse coinneála sonraí d'aeriompróirí agus d'údaráis inniúla teorann araon.

Maidir leis na pionóis a fhorchuirtear ar aeriompróirí as neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad, tá sé ar intinn ag an Rapóirtéir chomh maith iad a dhéanamh éifeachtach agus athchomhairleach, ach is fearr leis tairseach do phionóis uasta a thabhairt isteach chun comhréireacht a áirithiú go hiomlán. Creideann an Rapóirtéir gurb é an leithreasú airgeadais ar fheidhmiú an ródaire a bheidh a rath ag brath, agus, dá bhrí sin, gur cheart na hacmhainní is gá a chur ar fáil do eu-LISA. Ina theannta sin, i bhfianaise an mhéadaithe a bhfuiltear ag súil leis ar chúraimí MECS agus na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí, cuireann an Rapóirtéir forálacha san áireamh chomh maith maidir le cumhdach na gcostas costais a thabhaíonn siad.

Maidir leis na forálacha agus na tagairtí a bhaineann le heitiltí laistigh den Aontas i Rialachán (AE) [forfheidhmiú an dlí maidir le API], is fearr leis an Rapóirtéir iad a bhaint den téacs ós rud é go bhfuil amhras ann go gcomhlíonfadh an sásra scagtha atá beartaithe don ródaire ceanglais bhreithiúnas *Ligue des droits humains* go hiomlán. Thairis sin, tá sé den tuairim gur coimircí riachtanacha maidir le cearta bunúsacha iad forálacha ar leithleach maidir le neamh-idirdhealú agus leigheasanna dlíthiúla a bhfuil feidhm acu go cothrománach.

Ina theannta sin, measann an Rapóirtéir nár cheart an oibleagáid chun sonraí API a sholáthar a leathnú chuig modhanna eile iompair. Mar sin, ní aontaíonn sé le clásal tosaigh a thabhairt isteach in Aithris 35, mar a mhol an Coimisiún.